



BÍODH TUISCINT AGAT AR NA MEÁIN

STOP | SMAOINIGH | SEICEÁIL

SLEAMHNÁIN: STRUCHTÚR AGUS CUR SÍOS

**MEDIA
LITERACY
IRELAND**



**EDMO
Ireland**

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



STRUCHTÚR AGUS CUR SÍOS

SLEAMHNÁN 1 | Clúdach | 1 nóiméad

Fáilte agus cuir an seisiún in iúl.

SLEAMHNÁN 2 | Fáilte | 1 nóiméad

Cuir tú féin agus do dhintiúir in iúl. Ná déan dearmad a lua gur ghlac tú páirt i seisiún oiliúna ar Litearthacht sna Meáin agus mínigh cén fáth a bhfuil tú cáilithe chun an cheardlann a stiúradh agus cén fáth a bhfuil an topaic tábhachtach duit.

SLEAMHNÁN 3 | Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin | 1 nóiméad

Réamhrá na ceardlainne. Mínigh gur cuid d'fheachtas níos leithne i litearthachta sna meáin í an cheardlann **(AE 1)**.

SLEAMHNÁN 4 | Litearthacht sna Meáin | 30 soicind

Mínigh go dtagraíonn litearthacht sna meáin do shraith leathan eolais, scileanna agus dearcadh (*is féidir leat an íomhá ar an sleamhnán a thaispeáint*). Is éard atá i gceist le litearthacht sna meáin, ná scileanna digiteacha a fháil chun an t-idirlíon agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid; an cumas cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na meáin dhigiteacha; scileanna cruthaitheacha a fhorbairt chun ábhar a



tháirgeadh; deiseanna ar líne a thuiscint (cosúil le foghlaim) agus rioscaí (cosúil le cibearbhulaíocht agus bréageolais); &rl. Is é an smaoineamh atá leis an sleamhnán seo ná thaispeáint do rannpháirtithe gur réimse casta í litearthacht sna meáin, ach go bhfuil tú chun díriú ar chuid faoi leith de (an chéad sleamhnán eile).

(AE 2).

SLEAMHNÁN 5 | Litearthacht sna Meáin – cur chuige criticiúil | 30 soicind

Mínigh go ndíreoidh an cheardlann seo ar litearthacht sna meáin ar an gcur chuige criticiúil maidir le hinneachar meáin agus eolas. Más mian leat, is féidir leat an téacs ar an sleamhnán a léamh.

SLEAMHNÁN 6 | Cuspóirí Foghlama | 1 nóiméad

Léigh amach na torthaí foghlama.

SLEAMHNÁN 7 | Do rannpháirtíocht | 1 nóiméad

Táthar ag súil go mbeidh an cheardlann seo an-idirghníomhach, agus beidh an lucht freastail rannpháirteach an t-am ar fad i bplé agus i ngníomhaíochtaí praiticiúla.

Mar sin, tá sé tábhachtach go míníonn tú dóibh go bhfuil a rannpháirtíocht sa gceardlann ríthábhachtach ionas go n-éireoidh leis an seisiún.



D'fhéadfadh roinnt rannpháirtithe a bheith cúthail nó a bheith den tuairim nach bhfuil a ndóthain eolais acu le tuairimí a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt.

Mar sin, déan cinnte go gcruthóidh tú timpeallacht fháilteach, ag míniú go bhfuil tú anseo chun an gníomhaíocht foghlama seo a éascú trí chomhphlé agus plé cairdiúil. Chomh maith leis sin, tá seans i gcónaí go dtiocfaidh roinnt ábhar íogair nó conspóideach chun cinn le linn na gcomhráite.

Chun aon fhadhb leis seo a sheachaint, mínigh gur chóir go mbeadh meas ag rannpháirtithe ar thuairimí agus ar dhearcthaí a chéile.

SLEAMHNÁN 8 | Cuir Tús leis an Chomhrá | 30 soicind

Is é an smaoineamh atá le *Cur Tús leis an Chomhrá* ná an seisiún a thosú le gníomhaíocht shuaimhneach idirghníomhach chun cabhrú le rannpháirtithe aithne a chur ar a chéile agus mothú níos compordaí.

SLEAMHNÁN 9 | Cur Tús leis an Chomhrá | 5 nóiméad

Ar dtús, dean grúpaí de 3 nó 4 de na rannpháirtithe. Is féidir leat na grúpaí céanna a úsáid sna gníomhaíochtaí eile le linn an tseisiúin chun am a shábháil. Iarr orthu plé a dhéanamh ina ngrúpaí ar roinnt samplaí a tharla le blianta beaga anuas nuair a tháinig siad trasna ar phíosa eolais éigin



agus nach raibh siad cinnte an raibh sé fíor nó bréagach, nó ceart nó mícheart. Abair leo go mbeidh 5 nóiméad acu é seo a dhéanamh. Roinnt pointí ba chóir dóibh a chur san áireamh:

Cén t-ábhar a bhí ann?

Cén chuma a bhí air? (téacs, íomhá, físeán &rl.)

Cén cineál ábhair a bhí ann? (Alt nuachta, fógra, memes &rl.)

Cad é an príomhchúis (nó na príomhchúiseanna) nach raibh tú cinnte faoi fhírinneacht an fhíosa eolais seo?

Nuair a bheidh an t-am caite, iarr ar gach grúpa ceann amháin de na scéalta a roinnt (is dócha nach mbeidh am ann do níos mó ná scéal amháin in aghaidh an ghrúpa). Má tá scéal maith agat féin, is féidir leat é a roinnt leis na rannpháirtithe freisin.

Cuimhnigh nach bhfuil anseo ach gníomhaíocht chun daoine a chur ag caint agus a gcéad smaointe a roinnt. Ní gá duit an topaic a phlé go mion.



CUID 1 – STOP: Ré an Eolais

Tá sé mar aidhm le cuid 1 plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil **aird**, **fócas** agus **feasacht** ríthábhachtach i dtaobh anailís agus tuiscint ar inneachar meáin.

Chun é sin a dhéanamh, táimid chun na dúshláin a bhaineann le hídiú agus idirghníomhú an méid ollmhór eolais a thagann muid trasna air go laethúil a fhiosrú - méid ollmhór nuashonruithe nuachta, fógraí meáin shóisialta, ríomhphoist agus go leor eile. Chun rudaí a dhéanamh níos casta fós, ní bhíonn an t-eolas uile mar a chéile – tagann sé i bealaí (téacs, íomhánna &rl.) agus cineálacha éagsúla (nuacht, fógraí &rl.), agus úsáideann ardáin dhigiteacha go leor teicnící chun muid a choinneáil ceangailte agus gafa leis an ábhar.

Is é an smaoineamh atá le **Cuid 1** ná go mbeidh na rannpháirtithe trína chéile, ag treisiú ceisteanna agus dúshláin de réir a chéile agus ag cur pictiúr de dhomhan atá líonta le heolas os a gcomhair. Tá sé tábhachtach go mothaíonn siad práinne agus iad ag teacht ar réiteach chun caidreamh níos fearr a bheith acu leis an inneachar meáin a úsáideann siad.



SLEAMHNÁN 10 | An Réabhlóid Dhigiteach | 1 nóiméad

Cuir tús leis an gcuid seo trí mhíniú gur tháinig athrú as cuimse, le teacht an idirlín agus teicneolaíochtaí na meán digiteach (an réabhlóid dhigiteach), ar an mbealach ina bhfaighimid eolas agus a n-úsáidimid é. Anseo is féidir leat roinnt samplaí laethúla a úsáid chun léiriú a dhéanamh ar an difríocht a bhí idir na gnáthrudáí fiú roimh an Idirlíon (mar shampla, bhí orainn dul go dtí an leabharlann chun píosa eolais a fháil, ach anois is féidir an t-eolas céanna a fháil le clic nó dhó).

Is é ceann de na hathruithe is tábhachtaí ar a dtugaimid *ré an eolais* ná gur tomhaltóirí eolais a bhí ann roimh an réabhlóid dhigiteach, toisc go raibh déanamh agus scaipeadh inneachar meáin i lámha roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí, as a dtáinig sreabhadh eolais níos rialaithe agus níos láraithe. Samhlaigh am nuair a bhí na hacmhainní, an bonneagar agus an t-údarás ag nuachtáin, stáisiúin teilifíse, líonraí raidió, agus foilsitheoirí cinneadh a dhéanamh ar na scéalta arbh fhiú a fhoilsiú agus a chraoladh, agus an chumhacht acu dioscúrsa poiblí a mhúnlú agus, mar thoradh air sin, ár dtuiscint ar an domhan thart orainn.

Is é an príomh rud ba chóir duit a chur in iúl anseo ná, tar éis an réabhlóid dhigiteach, gur raibh na gnáthdhaoine ní hamháin mar *thomhaltóirí* ach freisin ina *léiritheoirí* ar an ábhar. Smaoinigh ar cé chomh héasca is atá sé



sa lá atá inniu ann ábhar a chruthú agus a scaipeadh ar líne. Níl uait ach fón cliste, nasc idirlín, agus smaoineamh.

SLEAMHNÁN 11 | An iomarca eolais | 30 soicind

Toisc gur féidir ábhar a chruthú agus a scaipeadh go héasca, ciallaíonn sé go bhfuil méid an eolas ar líne ag dul i méid, agus is ag fás a bheidh sé. Cé go bhfuil go leor buntáistí ag baint le tuilleadh eolais a bheith ar fáil, mar shampla chun críocha oideachais, taighde agus comhoibrithe, sa cheardlann seo táimid chun díriú ar na dúshlán a bhaineann leis. Is é an chéad dúshlán tábhachtach ná go mbíimid **i gcónaí plúchta ag eolais** ag teacht ó go leor foinsí éagsúla.

Seachas na meáin thraidisiúnta, ar nós teilifís, nuachtáin agus raidió, bíonn go leor daoine ceangailte seasta leis an idirlíon agus fáil acu ar gach cineál ábhair in ardáin dhigiteacha agus feidhmchláir éagsúla, mar na meáin shóisialta (Facebook, Instagram, TikTok...), Aipeannaí chun teachtaireachtaí a sheoladh (WhatsApp, Telegram...), innill chuardaigh (Google, Yahoo...) agus ardáin comhroinnte físeáin (YouTube, Vimeo...).

SLEAMHNÁN 12 | Formáid Difriúla | 30 soicind

Agus ní hamháin go dtagann an méid ollmhór eolas seo ó go leor foinsí éagsúla, ach tagann siad i cineálach difriúla freisin. Téacs, íomhá, físeán, fuaim... Cuireann na cineálacha difriúla teachtaireachtaí in iúl ar bhealaí



éagsúla, rud a chiallaíonn go mbíonn éagsúlacht mhór sa tslí ina ndéanaimid teagmháil leis na cineálacha difriúla meáin seo. **(AE 3).**

SLEAMHNÁN 13 | Cineál Ábhar | 1 nóiméad

Tagann inneachar meáin ar bhealaí/cineálacha éagsúla freisin, amhail nuacht, siamsaíocht, fógraíocht agus eile. Tá tréithe éagsúla ag gach bealach/cineál agus, níos tábhachtaí fós, aidhm agus cuspóirí éagsúla.

Mar shampla, tá sé mar aidhm ag an *nuacht* tú a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí reatha, ag cur eolas nua ar fáil ar ábhair mar pholaitíocht, gnó, spóirt &rl. Baineann ábhar *siamsaíochta* go príomha le sult agus pléisiúir. Áirítear leis seo scannáin, cláracha teilifíse, ceol, leabhair agus físchluichí. Ar an lámh eile, tá sé mar aidhm le *fógraíocht* táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn agus a dhíol. Agus mar sin de **(AE 4).**

SLEAMHNÁN 14 | D'aird a tharraingt | 30 soicind

Chun rudaí a dhéanamh níos casta fós, i measc an iliomad eolas seo i gcineálacha agus i bealaí éagsúla, déanann ardáin dhigiteacha agus eagraíochtaí meán gach is féidir leo chun **d'aird a tharraingt**. Breathnaímis ar fhíseán gairid ó Tactical Tech...

SLEAMHNÁN 15 | Físeán | 3 nóiméad

Taispeáin an físeán.



SLEAMHNÁN 16 | D'aird a choimeád | 1 nóiméad

Dá mhéad ama a chaitheann tú ar ardáin dhigiteacha, is amhlaidh is mó sonraí a bhailíonn siad uait agus, mar thoradh air sin, is mó a fhoghlaimíonn siad faoi do shainroghanna pearsanta. Úsáidtear na sonraí seo le haghaidh roinnt rudaí, ach go príomha chun próifíl mhionsonraithe úsáideoirí a chruthú, ar féidir le lucht fógraíochta a úsáid ansin chun fógraí níos ábhartha agus níos spriocdhírthe a chur romhat. I mbeagán focail, is é sin múnla gnó na mór-ardán digiteach, áit a bhfuil sonraí na n-úsáideoirí fíor-luachmhar.

Ar an ábhar sin, tá ardáin meán digiteach deartha chun ár n-aird a tharraingt agus muid a choinneáil gafa lena n-ábhar chomh fada agus is féidir, ionas gur féidir leo an oiread sonraí agus is féidir a bhailiú. Mar a chonaic muid san fhíseán, déanann siad é seo trí mheascán de straitéisí taithe úsáideora, prionsabail shíceolaíochta, agus teicnící sonraí-tiomáinte, mar shampla úsáid a bhaint as **halgartaim** chun ábhar a thagann le do chuid sainroghanna a bhrú. Tá na straitéisí seo curtha le chéile chun ár suim a mhealladh, lucht féachana nó léitheoirí a spreagadh, agus ar deireadh thiar ioncam a ghiniúint, go háirithe trí fhógraíocht agus trí shíntiúis. **(AE 5).**



SLEAMHNÁN 17 | Tuilleadh cliceáil | 1 nóiméad

Ciallaíonn an múnla gnó seo freisin dá mhéad a phléimid ábhar, is amhlaidh is mó ioncam a ghinimid do chruthaitheoir an ábhair seo. Tá sé seo éasca a thuiscint: má tá suíomh Gréasáin agat agus má bhíonn go leor daoine ag tarraingt air, cuireann sé le tarraingteach an suíomh Gréasáin do lucht fógraíochta, mar go bhfeicfidh go leor daoine a gcuid fógraí ann. Mar sin, dá mhéad cliceáil a bheidh agat, is mó a íocfaidh lucht fógraíochta chun a gcuid fógraí a bheith ar do leathanach.

Ar an ábhar sin, úsáideann eagraíochtaí meán agus cruthaitheoirí inneachar eile straitéisí agus teicnící éagsúla chun a chur ina luí ar úsáideoirí cliceáil ar a gcuid naisc, amhail ceannlínte tarraingteacha a spreagann fiosracht, nó caint dochreidte a bhfuil cuma shuaite uirthi agus a chuireann fonn ar dhaoine tuilleadh a fhoghlaim trí chliceáil ar an nasc. Is é an sprioc ná d'aird a tharraingt, do spéis a spreagadh, agus ar deireadh tú a spreagadh chun dul i ngleic lena n-ábhar.

SLEAMHNÁIN 18 and 19 | STOP | 3 nóiméad

Iontach! Mar sin, ba cheart go mbeadh sé soiléir ag an bpointe seo do na rannpháirtithe go léir cé chomh casta is atá tírdhreach na meán cumarsáide. Iarr ar na rannpháirtithe iad féin a shamhlú agus iad ag éirí ar maidin agus fón lán d'fhógraí rompu – foláirimh nuachta, nuashonruithe meáin shóisialta, ríomhphoist. Tá an méid craiceáilte. Tosaíonn siad ag



léamh ailt nuachta, ag féachaint ar fhíseáin, ag féachaint ar ghrianghraif... Tagann siad trasna ar cheannlínte iontacha ag iarraidh a n-aird a tharraingt, tráchtanna mothúchána a chuireann fearg orthu, clibeanna agus memes treochta i ngach áit. Ar mhothaigh siad riamh a n-aird ag sleamhnú?

Baineann maidhmeanna leanúnacha fógraí, físeáin agus nuashonruithe an bonn dár gcumas díriú ar rud. Sa chás seo, téann ár n-aird i léig, rud a fhágann go bhfuil sé deacair dul i ngleic le hábhar lánbhrí. Féadann strus, fadhbanna le cinntí a dhéanamh, agus deacrachtaí maidir le foinsí iontaofa a scaradh ó fhoinsí neamhiontaofa a bheith mar thoradh ar an *barraíocht eolais* seo.

Mar sin, sin an fáth gur chóir dúinn STOPADH! Ach céard a chiallaíonn STOP sa chomhthéacs seo? Ciallaíonn sé gur cheart dúinn gach rud a phléamar go dtí seo a mheas sula ndéanaimid deimhin dár mbarúil i dtaobh aon phíosa eolas a fheiceann muid, go háirithe ar líne. Ciallaíonn sé go gcaithfimid a bheith cúramach, dírithe agus aireach nuair a thagaimid ar inneachar meán cumarsáide. Déanfaidh muid tuileadh plé ar seo sa chéad ghníomhaíocht eile.

SLEAMHNÁN 20 | Activity 1 – STOP: INTRO | 10 soicind

Cuir an ghníomhaíocht *Stop* in iúl.



SLEAMHNÁN 21 | Gníomhaíocht 1 – STOP | 25 nóiméad

Meabhrúchán d'Éascaitheoirí: is mar éascaitheoir foghlama go príomha a beidh tú ag obair sa ghníomhaíocht seo. Ciallaíonn sé seo gurb é do ról ná rannpháirtithe a spreagadh chun dul i mbun cainte, iad a spreagadh chun smaointe a roinnt agus smaoineamh ar an ábhar atá á phlé.

AN CHÉAD CHUID - IDIRPHLÉ GRÚPA - 10 NÓIMÉAD

Roinn na rannpháirtithe i ngrúpaí de 3 nó 4.

Ina ngrúpaí, ba chóir dóibh straitéisí nó dea-chleachtais a phlé le **STOPADH** nuair a thagann siad trasna ar eolas nó ar inneachar meáin. Mar atá feicthe againn, tá go leor rudaí le breithniú nuair a thagaimid trasna ar eolas nó ar na meáin. Iarr ar na rannpháirtithe díriú ar na nithe seo a leanas:

- Smaoinigh ar do thaithí leis na meáin dhigiteacha. Céard iad na nithe a tharraingíonn d'aird go hiondúil? Céard is mó a bhaineann d'aird?

Bunaithe ar a bhfuil pléite agaibh go dtí seo, abair leis na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar na píosaí éagsúla d'inneachar meáin a dtagann siad trasna orthu go laethúil agus ar an gcaoi a ndéileálann siad/a théann siad i ngleic leo.



An féidir le cineálacha áirithe ábhair seachas a chéile a n-aird agus fócas a bhaint? An mbaineann sé leis an ardán digiteach, an cineál, an topaic?

- **An mbíonn foinse an eolais ar eolas agat de ghnáth sula dtéann tú i ngleic leis? Cén tábhacht a bhaineann le haithne a bheith agat ar an bhfoinse? Céard a dhéanann foinse mhaith eolais?** Abair leis na rannpháirtithe smaoiniamh ar fhoinse eolais (nach ardán digiteach é go hiondúil!) agus a gcreideann siad gur foinse iontaofa é.

- **Céard faoi do chlaonadh pearsanta? An bhfuil a fhios agat céard atá ann agus, má tá, an dóigh leat go dtéann sé i bhfeidhm ar an mbealach a dhéanann tú an t-ábhar a léirmhíniú/thuiscint?**

Abair le rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag a gclaonadh pearsanta, a ndiongbháilteacht agus a roghanna ar an mbealach a dtéann siad i ngleic le hinneachar meáin.

AN DARA CUID - LÉARGAS A ROINNT - 15 NÓIMÉAD

Nuair a bheidh an t-am caite, iarr ar na grúpaí a gcuid smaointe a roinnt ar na 3 cheist a chuir tú i láthair.



EISPÉIRIS LAETHÚLA– Déan plé ar a n-eispéiris laethúla agus aird á tabhairt ar na rudaí a chreideann na rannpháirtithe atá ina bhfadhbanna ina gcaidreamh le hinneachar meáin cumarsáide. Is é an príomh-smaoineamh anseo ná iad a chur ag smaoineamh ar na fadhbanna agus teacht ar réiteach na faidhbe. Mar shampla, cén tionchar a bhíonn ag ardáin dhigiteacha ar an mbealach a dtéann siad i ngleic le heolas mar gheall ar a ngnéithe uathúla, a bhfeidhmiúlachtaí agus a bprionsabail dearaidh? An bhfuil píosaí áirithe ábhair níos tábhachtaí ná a chéile? Má tá, an dteastaíonn níos mó airde agus aire uathu? Céard a tharlaíonn má shíleann duine gur fógra atá in alt nuachta? Cad iad na dea-chleachtais is fearr a úsáid chun nach gcuirfí isteach ort agus nach n-éireofá trí na chéile agus tú ag baint d'inneachar meáin digiteach?(**AE 7**).

FOINSÍ – cuir i gcuimhne do rannpháirtithe gur annamh a bhíonn ardáin dhigiteacha mar bhunfhoinse eolais. Cé go mbíonn tionchar ag ardáin ar an mbealach a phléimid agus a dtuigimid inneachar meáin, ní iadsan a chruthaíonn é. D'fhéadfadh sé gur duine, eagraíocht, an rialtas srl a bheadh san fhoinse. An mbíonn an fhoinse ar eolas acu i gcónaí sula dtéann siad i ngleic leis an ábhar? Cén tábhacht a bhaineann le haithne a bheith agat ar an bhfoinse? Déan plé ar céard is foinse mhaith eolais ann (**AE 8**).



CLAONADH – cé nár phléigh tú claonadh le linn an chur i láthair, is fiú fiafraí díobh an bhfuil a fhios acu conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a gclaonadh pearsanta ar an mbealach a léirmhíniú agus a thuigean siad inneachar meáin. Is féidir leat a mhíniú, i mbeagán focail, conas a oibríonn claonadh deimhnithe agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith feasach air (**AE 9**).

SLEAMHNÁN 22 | Gníomhaíocht 1 – STOP - Deireadh | 1 nóiméad

Mar chríoch, mínigh gur cheart dúinn sinn féin a 'ullmhú' roimh an eolas ar na meáin a léamh. É sin le rá go bhfuilimid dírithe agus go bhfuil aird iomlán tugtha do. Freisin, mínigh gur cheart dúinn 'seiceáil áirithe' a dhéanamh gach uair a thagann muid trasna ar eolas agus inneachar meáin, go háirithe maidir le:

TIMPEALLAIGHT NA MEÁIN: Gnéithe agus an tionchar a bhíonn acu ar an tslí a bhíimid ag idirghníomhú le na meáin.

FOINSE AN EOLAIS: Muna bhfuil fhios again cé a chruthaigh rud ar line, ní féidir linn measúnú ceart a dhéanamh ar iontaofacht an rud sin.

CLAONADH PEARSANTA: An gcuirfidh mo chlaonadh pearsanta isteach ar mo thuiscint ar na meáin? Ní féidir fáil réidh le claonadh pearsanta ach cabhraíonn sé má tá tú aireach faoi.



Is éard atá i gceist leis na seiceálacha seo ná roinnt ceisteanna a chur a chuidíonn linn comhthéacs iomlán an ábhair a thuiscint agus a bheith níos airdeallaí agus níos dírithe, go háirithe i gcásanna ina bhfuilimid ag déileáil le heolas tábhachtach.

SLEAMHNÁN 23 | Sos | 5 nóiméad

Tabhair sos 5 nóiméad do na rannpháirtithe.

CUID 2: SMAOINIGH

Tá sé mar aidhm ag an dara cuid plé a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé **tuiscint chriticiúil** a fháil ar an gcaoi a ndéantar teachtaireachtaí meán cumarsáide a chumadh agus a láimhseáil chun nach gcuirfidh ábhar bréagach nó míthreorach isteach orthu. Chun é sin a dhéanamh, tá coincheap na léirithe a fhiosrú, coincheap atá ina bhuneolas i staidéar na meán, agus a phléann freisin bealaí éagsúla inar féidir inneachar meáin agus eolas a láimhseáil, lena n-áirítear ról na n-algartam.



SLEAMHNÁN 24 | SMAOINIGH – CUR IN IÚL: Físeán | 4 nóiméad

Mínigh go bhfuil tú chun coincheap na léirithe sna meáin chumarsáide a fhiosrú, coincheap atá bunúsach ach an-tábhachtach chun inneachar meáin a thuiscint.

Taispeáin an físeán.

SLEAMHNÁN 25 | Léiriú sna Meáin | 1 nóiméad

Mínigh go dtagraíonn léiriú sna meáin, mar atá feicthe againn san fhíseán, don chaoi a ndéantar smaointe, coincheapa, éispéiris, grúpaí, daoine aonair, féiniúlachtaí agus cultúir éagsúla a léiriú, nó a thaispeáint ar chineálacha éagsúla meán, amhail teilifís, scannán, nuacht, fógraíocht, agus ábhar ar líne. Sa domhan digiteach, ní mór dúinn smaoineamh ar conas a chuireann na hardáin dhigiteacha, ar nós na meáin shóisialta, láithreáin ghréasáin agus aipeanna chun teachtaireachtaí a sheoladh, eolas i láthair dúinn, ag múnlú ár dtuairimí agus ár ndearcadh. Is é an príomh-smaoineamh anseo **ná go gcuirtear teachtaireachtaí meán le chéile (AE 7).**



SLEAMHNÁN 26 | Eagarthóireacht | 1 nóiméad

Agus cén chaoi a gcuirtear teachtaireachtaí meán le chéile? Is é an príomhchoincheap anseo ná **eagarthóireachta**. Tá an eagarthóireacht ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar conas is féidir **ionramháil** a dhéanamh ar inneachar meáin. Is éard atá i gceist leis an eagarthóireacht ná ábhar a roghnú, a atheagrú agus a mhodhnú chun scéal ar leith a chruthú, chun mothúcháin áirithe a mhúscailt, nó chun teachtaireacht ar leith a chur in iúl.

Tá ról suntasach aige i múnlú an chaoi a mbreathnaíonn agus a léirmhíonann lucht féachana na meáin. Iarr ar na rannpháirtithe smaoineamh ar cé chomh héasca is atá sé sa lá atá inniu ann pictiúr nó fiú físeán a chur in eagar ag baint úsáide as a bhfón cliste. Ar ardáin meáin shóisialta, ar nós Facebook nó Instagram, mar shampla, is féidir linn uirlisí eagarthóireachta a úsáid chun pictiúir a athrú, a bhearradh, dath a choigeartú agus gnéithe nua a chur leis amhail scagairí, emojis agus téacs. Bíonn tionchar ag meascán na n-eilimintí seo ar **bhrí** an ábhair a chruthaímid. Trí eagarthóireacht a dhéanamh, is féidir linn an scéal céanna a insint ar go leor bealaí éagsúla, ag cruthú léirithe éagsúla ar an saol thart orainn.



SLEAMHNÁN 27 | Algartaim | 1 nóiméad

Ar deireadh, ní mór dúinn labhairt faoi halgartaim. Úsáideann go leor ardáin dhigiteacha algartaim chun ár dtaithí ar líne a mhúnlú, mar na meáin shóisialta, innill chuardaigh, seirbhísí sruthaithe, agus suíomhanna nuachta ar líne.

Mar sin, seachas **léiriú** agus **eagarthóireacht** a chur san áireamh, ní mór dúinn a thuiscint freisin go mbíonn tionchar ag an mbealach a chuireann ardáin dhigiteacha ábhar i láthair agus a léann muid sin ar an gcaoi a dtuigimid inneachar meáin agus eolas. Mar shampla, molann algartaim ábhar atá bunaithe ar ár n-iompraíocht, ar idirghníomhaíochtaí agus ar roghanna san am atá caite.

Socraíonn siad cé na postálacha a thaispeánfar inár bhfothaí meán sóisialta ar dtús, molann siad físeáin le breathnú orthu, naisc le cliceáil, agus ailt le léamh. Bíonn tionchar mór aige seo ar an gcineál ábhair a mbíimid ag teacht trasna air.

Aithníonn na halgartaim freisin topaicí treochta agus ábhar a bhfuil an-tóir orthu ar líne, rud a chiallaíonn gur féidir tionchar a bheith aige ar ár dtuiscint ar céard atá tábhachtach nó na nithe a bhfuil tóir orthu mar go ndíríonn na halgartaim aird ar ábhar atá tarraingteach don phobail ag an am sin.



SLEAMHNÁIN 28 and 29 | SMAOINIGH | 3 nóiméad

Céard a chiallaíonn SMAOINIGH sa chomhthéacs seo? Ciallaíonn sé, gach uair a thagann muid trasna ar inneachar meáin, go gcaithfimid **smaoineamh** go bhfuil an teachtaireacht atá á fheiceáil againn tógtha agus múnlaíthe chun eolas, smaointe nó mothúcháin ar leith a chur in iúl. Déantar na teachtaireachtaí seo a chur **in eagar** agus úsáid á baint as meascán d'eilimintí, de theicnící agus de straitéisí éagsúla a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic le rud, eolas a chur ar fáil, rud a chur ina luí ar dhuine nó siamsaíocht a chur ar fáil.

Nó, b'fhéidir, gur cruthaíodh na teachtaireachtaí seo chun dallamullóg a chur orainn. Is féidir inneachar meáin agus eolas a **ionramháil** chun daoine agus institiúidí a chur amú, a mhealladh agus chun dochar a dhéanamh dóibh. Más féidir teachtaireachtaí meán a chur in **eagar** go héasca chun smaointe a **mhíléiriú**, an fhírinne a **bhréagnú** agus an lucht féachana **a chur amú**, cén chaoi ar féidir linn a bheith cinnte go bhfuil an t-ábhar atá á fheiceáil againn cruinn nó iontaofa?

Chun rudaí a dhéanamh níos casta fós, brúnn algartaim ábhar bunaithe ar chritéir a thagann le do shainroghanna pearsanta nó ar a bhfuil níos mó tóir orthu faoi láthair, agus ní gá go bhfuil siad iontaofa nó cruinn. Sa chomhthéacs seo, cén tionchar a bhíonn ag ardáin dhigiteacha ar an méid a fheicimid ar líne?



SLEAMHNÁN 30 | Gníomhaíocht 2 – SMAOINIGH: CUR IN IÚL | 10 soicind

Cuir an ghníomhaíocht *Smaoinigh* in iúl.

SLEAMHNÁN 31 | Gníomhaíocht 2 – SMAOINIGH | 20 nóiméad

Meabhrúchán d'Éascaitheoirí: is mar éascaitheoir foghlama go príomha a beidh tú ag obair sa ghníomhaíocht seo. Ciallaíonn sé seo gurb é do ról ná rannpháirtithe a spreagadh chun dul i mbun cainte, iad a spreagadh chun smaointe a roinnt agus smaoineamh ar an ábhar atá á phlé.

AN CHÉAD CHUID - IDIRPHLÉ GRÚPA - 10 NÓIMÉAD

Roinn na rannpháirtithe i ngrúpaí de 3 nó 4.

Taispeáin an ghrafaic ar an sleamhnán agus an 8 gcatagóir a bhaineann le ionramháil ábhar a láimhseáil.

Tabhair 2 nó 3 chatagóir do gach grúpa (ag brath ar líon na ngrúpaí sa seisiún).

Iarr orthu na rudaí seo a leanas a phlé:

- Céard a chiallaíonn gach catagóir?
- An féidir leat sampla a thabhairt de gach catagóir?
- Céard iad cuid de na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcineál seo ionramhála ábhair?



Abair leis na rannpháirtithe gur féidir leo a bhfóin/táibléad/ríomhairí glúine a úsáid chun na freagraí a chuardach ar líne. Ba chóir dóibh a gcuid smaointe agus freagraí a scríobh ar pháipéir.

AN DARA CUID - LÉARGAS A ROINNT - 10 NÓIMÉAD

Nuair a bheidh an t-am caite, iarr ar na grúpaí a gcuid freagraí a roinnt. Ceadaigh thart ar 1 nóiméad do gach catagóir. Agus gach topaic á bplé acu, seiceálfaidh tú an bhfuil a gcuid freagraí cruinn agus ceartóidh tú iad más gá **(AE 8)**.

TÁBHACHTACH: Seans nach mbeidh am agat an 8 chatagóir a phlé agus tá sé sin go breá. An phríomhchuspóir anseo ná go mbeidh a fhios ag na rannpháirtithe go bhfuil slite éagsúla chun ábhair ar na meáin a athrú agus go mbeidís spreagtha chun níos mó eolais a lorg fúthu.

CUID 3: SEICEÁIL

Tá sé mar aidhm leis an chuid dheireanach seo plé a dhéanamh ar na **gníomhartha** agus **straitéisí praiticiúla** ar cheart dúinn a thógáil chun anailís agus scrúdú a dhéanamh ar an féidir muinín a chur in inneachar meáin. Tá roinnt teicnící i gceist leis na gníomhartha seo chun iontaofacht agus cruinneas an eolais a chuirtear i láthair a mheas. Is é an sprioc ná a chinntiú go bhfuil an t-ábhar bunaithe ar



fhíricí infhíoraithe, réasúnaíocht réasúnach, agus foinsí inchreidte, seachas ráflaí, eolas bhréagach nó peirspictíochtaí claonta.

SLEAMHNÁN 33 | Gníomhaíocht 3 – SEICEÁIL: CUR IN IÚL | 20 soicind

Cuir an ghníomhaíocht *Seiceáil* in iúl.

SLEAMHNÁN 34-36 | Gníomhaíocht 3 – SEICEÁIL: CUR IN IÚL | 35 nóiméad

Meabhrúchán d'Éascaitheoirí: is mar éascaitheoir foghlama go príomha a beidh tú ag obair sa ghníomhaíocht seo. Ciallaíonn sé seo gurb é do ról ná rannpháirtithe a spreagadh chun dul i mbun cainte, iad a spreagadh chun smaointe a roinnt agus smaoineamh ar an ábhar atá á phlé.

AN CHÉAD CHUID - OBAIR GHRÚPA - 7 NÓIMÉAD

Roinnfear na rannpháirtithe i ngrúpaí de 3/4. Abair leo gur cheart dóibh na chéad 7 nóiméad eile a chaitheamh ag déanamh tobsmaointeoireachta faoi roinnt straitéisí agus dea-chleachtais le seiceáil an bhfuil píosa eolas nó inneachar meáin cruinn nó nach bhfuil. Áirítear leis seo ábhar de chineál ar bith (téacs, íomhá, físeáin &rl.).



Le linn an chleachtadh seo, ba cheart duit a bheith ag súil go dtiocfaidh na rannpháirtithe ar smaointe amhail:

- An fhoinse agus a clú/inchreidteacht a fhiosrú
- Seiceáil an bhfuil saineolaithe ag tacú leis méid atá á rá
- Cros-seiceáil: seiceáil an t-eolas le roinnt foinsí
- Teanga: seiceáil an teanga a úsáidtear chun a feiceáil an bhfuil sé ró-neamhfhoirmiúil nó an bhfuil earráidí iolracha ann
- Claonadh: seiceáil an bhfuil an foilseachán claonta agus conas a théann sé seo i bhfeidhm ar chreidiúnacht na eolais

Éist leis na rannpháirtithe agus scríobh síos a gcuid moltaí (is féidir leat smeach-chairt nó clár bán a úsáid, mar shampla).

AN DARA CHUID – STRAITÉISÍ TÓGÁLA – 20 NÓIMÉAD (SLEAMHNÁN 35)

Tabhair bileog eolais do na rannpháirtithe ina mbeidh na dea-chleachtais chun cruinneas an eolais ar líne a sheiceáil. Roinnfear an acmhainn seo i 3 chatagóir:

- Léamh cliathánach
- Foinse nuachta a mheas
- Dearbhú íomhánna & físeáin



Féach thíos achoimre thapa ar gach catagóir:

LÉAMH CLIATHÁNACH - Is straitéis seiceála fíricí é seo ina nglacann daoine aonair ról 'imscrúdaitheoirí eolais'. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dóibh foinsí agus dearcthaí breise a sheiceáil ar líne chun inchreidteacht an eolais a mheas. In ionad dul i ngleic leis an ábhar bunaidh (léamh ingearach), fágann daoine an fhoinse agus lorgaíonn siad eolas agus comhthéacs ábhartha eile ar an ábhar ó shuímh, go minic níos údarásaí, éagsúil. Tugann léamh cliathánach tuiscint níos leithne ar an topaic, ag cros-seiceáil fíricí, ag aithint claonadh féideartha, agus sa deireadh ag tacú le úsáid níos eolasaí agus níos criticiúla ar inneachar meáin.

FOINSE NUACHTA A MHEAS – Is é seo an próiseas chun creidiúnacht, iontaofacht agus claonadh foinsí nuachta agus an ábhair a scaipeann siad a mheas go criticiúil. Baineann an cleachtadh seo le breithniú a dhéanamh ar nithe éagsúla cosúil le cáil na foinsí, stair maidir le cruinnis, trédhearcacht maidir le húinéireacht agus maoiniú, agus cloí le caighdeáin iriseoireachta. Trí pháirt a ghlacadh i meastóireacht ar fhoinse nuachta, is féidir le daoine breithiúnais eolasacha a dhéanamh faoi bhailíocht na nuachta a fheiceann muid.



FÍORÚ ÍOMHÁ AGUS FÍSEÁN - Chun bunús agus bailíocht na n-íomhánna a mheas, is féidir le daoine roinnt uirlisí ar líne a úsáid, mar shampla *cuardach claoníomhá*, ag baint úsáide as ardáin mar Google nó TinEye, a chabhraíonn le bunús an ábhair a aimsiú. Chomh maith leis sin, is féidir le hanailís meiteashonraí léargais a thabhairt ar an dáta a cruthaíodh an íomhá, ar a stair eagarthóireachta, agus uaireanta fiú ar an suíomh.

Maidir le físeáin, tá sé an-chabhrach an fhuaim a scrúdú, an comhthéacs a thuiscint, agus crostagairt a dhéanamh le foinsí inchreidte. Má lorgaítear comharthaí eagarthóireachta nó ionramhála, mar shampla éagsúlacht sa soilsiú, scáthanna, nó fuaimeanna, cabhraíonn sé leis an bhfiosrú freisin. Ós rud go bhfuil sé chomh héasca is atá sa lá atá inniu íomhánna agus físeáin a chur in eagar, tá sé ríthábhachtach cruinneas an ábhair amhairc a sheiceáil chun caimiléireacht agus ionramháil a sheachaint.

Iarr ar na rannpháirtithe 5 nóiméad a chaitheamh ag seiceáil na leideanna uile ar an mbileog le taobh na smaointe a tháinig siad suas le le linn an tseisiún tobsmaointeoireachta. Ba cheart do na rannpháirtithe tuiscint a bheith acu anois go bhfuil i bhfad níos mó gníomhartha ann chun cruinneas an eolais a sheiceáil ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe seo. Ansin, sna 15 nóiméad ina dhiaidh sin, tá tú chun comhrá a éascú chun bealaí a thógáil chun eolas agus inneachar meáin i gcoitinne a sheiceáil.



Déan plé ar na dea-chleachtais atá sna bileog eolais leis na rannpháirtithe. Tá sé tábhachtach a thaispeáint go bhfuil raon leathan sna cleachtais ó dhearcadh agus gníomhartha bunúsacha go cinn níos casta, ag brath ar an gcás.

Ní féidir le duine ar bith gach píosa eolais a thagann siad trasna air a sheiceáil, agus mar sin tá sé tábhachtach **tosaíochtaí** a phlé. Ba cheart tosaíochtaí a shainiú agus dhá phríomhghné á gcur san áireamh agaibh:

- 1 - Céard is féidir a dhéanamh leis an teicneolaíocht agus an t-am atá againn.
- 2 - An tábhacht agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bpíosa eolais atá á anailísiú

Roinnt ceisteanna ar cheart duit smaoineamh orthu chun an plé a éascú:

- An raibh na huirlisí/cleachtais seo ar fad ar eolas agat chun cruinneas an eolais a sheiceáil roimh an gceardlann?
- Cé acu de na huirlisí/cleachtais seo a úsáideann tú de ghnáth?
- An dóigh leat go bhfuil siad go léir úsáideach? Cén fáth?
- Níl an t-am againn measúnú a dhéanamh ar gach píosa eolais a thagann muid trasna air. Conas a leagfá amach tosaíochtaí maidir le cad ba cheart nó nár cheart a sheiceáil?



Le linn an phlé seo, tá tú chun dul go **SLEAMHNÁN 36** agus dhá réimse tosaíochta a thaispeáint. Go hidéalach, ba chóir duit an dá réimse a tharraingt ar an smeach-chairt/clár bán ionas gur féidir leat na tosaíochtaí a scríobh síos de réir fhreagraí na rannpháirtithe.

Sa chéad réimse, tá tú chun na tosaíochtaí a scríobh síos a bhaineann leis na huirlisí agus na cleachtais nach mór dúinn a úsáid chun cruinneas an eolais a sheiceáil ar líne. Bíonn rudaí áirithe níos fusa agus ní bhíonn mórán ama ag teastáil lena dhéanamh; tá cinn eile níos casta agus teastaíonn níos mó ama uathu. Is féidir leat a rá leis na rannpháirtithe gur féidir leo smaoineamh ar na smaointe agus na cleachtais go léir a pléadh le linn na ceardlainne, ní hamháin i gCuid 3.

Sa dara réimse, tá tú chun na tosaíochtaí a scríobh síos de réir na n-ábhar is tábhachtaí ar chóir a sheiceáil toisc go bhfuil siad níos ábhartha agus go mbíonn tionchar níos mó acu ar leibhéal pearsanta agus pobail araon.

TÁBHACHTACH: Cé go mbeidh tú ag éascú an phlé, tá sé ríthábhachtach go dtreoróidh tú rannpháirtithe i dtreo na dea-chleachtais ar cheart dóibh a fhoghlaim.



CUID 4: CONCLÚID

Tá sé mar aidhm ag an gcuid dheireanach seo an t-ábhar a pléadh sna 3 chuid roimhe seo a thabhairt le chéile ar bhealach stuama agus táirgiúil. Tá go leor topaicí éagsúla pléite le 2 uair a chloig anuas agus tá sé tábhachtach an t-eolas agus na scileanna a chur in ord tosaíochta do na rannpháirtithe anois.

Chomh maith leis sin, ba chóir go spreagfadh an mhír dheiridh seo rannpháirtithe le tuilleadh eolais a lorg chun máistreacht níos fhearr a fháil ar na hábhair a pléadh sa cheardlann.

SLEAMHNÁN 37 | CONCLÚID: PRÍOMHPHOINTÍ EOLAIS | 20 soicind

Cur na *Príomhphointí Eolais* in iúl.

SLEAMHNÁN 38 | STOP – Dea-chleachtais | 1 nóiméad

Déanann STOP tagairt do dhea-chleachtais chun tú féin a ullmhú sula dtéann tú i ngleic le hinneachar meáin.

Agus an oiread sin eolais timpeall orainn, ag teacht i gcineálacha agus i mbealaí éagsúla, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil aird agus fócas iomlán againn agus muid ag déileáil le hábhar. Tá sé cosúil le seiceálacha a dhéanamh inár gcuimhne chun a chinntiú go bhfuil muid ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:



SLEAMHNÁN 39 | STOP – Best Practices | 1 nóiméad

- **Timpeallacht na meáin**, a ghnéithe, agus an tionchar a bhíonn aige ar an mbealach a phléimid le heolas. Is é an cuspóir ná muid a choinneáil ‘gafa’ agus ceangailte, rud a chuireann isteach go mór ar aird agus ar fhócas an duine.
- **An foinse eolais:** Mura bhfuil a fhios againn cé a chruthaigh ábhar, ní féidir linn fiú tús a chur leis an bpróiseas chun a iontaofacht a mheas.
- **Claonadh pearsanta:** Fiafraigh díot féin: mar is féidir le mo rogha pearsanta tionchar a imirt ar an mbealach a thuigim an t-ábhar? Ní féidir déanamh réidh leis an gclaonadh deimhnithe, ach cuidíonn sé go mór a bheith feasach air.

SLEAMHNÁN 40 | SMAOINIGH – Dea-chleachtais | 1 nóiméad

Déanann SMAOINEAMH tagairt do phríomhchoincheapa nach mór dúinn a thuiscint chun tús a chur lenár bpróiseas chun dul i ngleic le hinneachar meáin:

- **Léiriú:** cuirtear teachtaireachtaí meáin le chéile.
- **Eagarthóireacht:** is féidir teachtaireachtaí meán a athrú go héasca chun bríonna áirithe a chur in iúl.



- **Ionramháil ó thaobh algartam de:** déantar an t-ábhar a fheicimid ar go leor ardán digiteach a choimeád agus a eagrú go cúramach bunaithe ar an tóir agus ar ár roghanna pearsanta, beag beann ar a gcruinneas agus a n-iontaofacht.

SLEAMHNÁN 41 | SMAOINIGH – Dea-chleachtais | 1 nóiméad

Chomh luath agus a thuigimid na coincheapa bunúsacha seo ina iomláine, is féidir linn **smaoineamh** ar na catagóirí éagsúla a bhaineann le hionramháil ábhair (is féidir leat an íomhá ar an sleamhnán a thaispeáint). Fágann sé sin go bhfuilimid níos aireach, níos airdeallaí agus, dá réir sin, níos seasmhaí i leith ábhar láimhsithe meán.

SLEAMHNÁN 42 | SEICEÁIL – Dea-chleachtais | 2 nóiméad

Déanann **SEIC** tagairt do phríomhchéimeanna nach mór dúinn a ghlacadh nuair a bheidh orainn cruinneas agus iontaofacht ineachar meáin a mheas, mar:

- Seiceáil iontaofacht & clú an foinsé;
- Seiceáil cáilíochtaí agus oilteacht an údair ar an ábhar;
- Seiceáil an bhfuil foinsí eile ag tuairisciú an scéil (crostagairt);
- Seiceáil an ndearna láithreáin gréasáin seiceáil fíricí a bhfuil cáil air an scéal a mheas;



- Seiceáil le haghaidh comharthaí d'eagarthóireachta mhealltach, go háirithe le híomhánna & físeáin;

Seiceáil caighdeán an téacs agus an chur i láthair - bí feasach ar theachtaireachtaí drochscríofa; ceannlínte dochreidte

SLEAMHNÁN 43 | Litearthacht sna Meáin do Shaoránachta | 2 nóiméad

Is éard atá i gceist le saoránacht ná páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol agus cur le folláine na sochaí. Cuimsíonn sé freagrachtaí ar nós fanacht ar an eolas faoi imeachtaí reatha chun páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí poiblí, páirt a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha, amhail toghcháin, agus bheith ar son athrú dearfach.

Ciallaíonn Litearthacht sna Meáin do Shaoránachta gur cheart go mbeadh sé de chumhacht ag daoine aonair dul i ngleic go criticiúil le hinneachar meáin, dul i ngleic le tírdhreach an eolas, agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránaigh fhreagracha eolasacha.

Is fíorbhagairt do shochaithe daonlathacha iad bréageolas agus cineálacha eile ionramhála ábhair. Mar shaoránaigh, ní mór dúinn aird a bheith againn ar an gcineál eolas a fheiceann muid agus a chinntiú go ndéanaimid eolas a fháil, a úsáid agus a roinnt ar bhealach freagrach.



SLEAMHNÁN 44 | Resources | 2 nóiméad

Abair le rannpháirtithe gur féidir leo teacht ar acmhainní chun tuilleadh a fhoghlaim faoi Litearthacht sna Meáin chun dul i ngleic leis an bhfadhb bréageolais faoin rannóg Oiliúint agus Forbairt ar shuíomh Gréasáin Litearthacht sna Meáin, Éire.

SLEAMHNÁN 45 | Buíochas agus Ceisteanna | 30 soicind

Gabh buíochas agus fáiltigh roimh ceisteanna.

SLEAMHNÁN 46 | Acknowledgements | 10 soicind

Príomhchuiditheoirí ag togra seo.

